# Nasc idir Siollabas na hArdteistiméireachta agus an Cheapadóireacht le hacmhainní ar líne mar chabhair

Ar an gcáipéis seo, breathnófar ar an nasc idir an siollabas agus na deiseanna ceapaóireachta. Ní mór féachaint ar na cáipéisí eile sa tsraith foghlama seo, "An Siollabas, na Sraith Pictiúr agus Litríocht" , "Na Sraith Picitúr Lárnach sa phleanáil 2020 (21) agus "An Chluastuiscint - Nasc leis an Siollabas mar Chabhair sa Bhreis"

Beidh ar scoláirí an Ardleibhéil saothrú a dhéanamh ar thopaicí an Ghnáthleibhéil. Moltar go ndéanfaí saothrú cuí ar aon dul lena bhfuil léirithe i gcás an Ghnáthleibhéil ar na topaicí seo thíos (agus aird á tabhairt ar fhorbairt agus ar shealbhú cuí na teanga). Is mar threoir a thugtar na fotheidil anseo

(Bainte ó Shiollabas na hArdteistiméireachta 2012)
*Topaic a bhaineann leis an nGnáthleibhéal amháin **Topaic a bhaineann leis an Ardleibhéal amháin

| Liosta na dTopaicí | Naisc | Ceisteanna samplacha ó na páipéar scrúdaithe | |
|---|---|---|---|
| | | Gnáthleibhéal | Ardleibhéal |
| 1. An Scoláire Féin<br>• An teaghlach<br>• Gnáthshaol an teaghlaigh<br>• Teaghlaigh éagsúla<br>• An teaghlach i dtíortha eile<br>• Ilchultúrachas* | TG4 Foghlaim: - Scoil<br>TG4 Foghlaim: - Rás na bpointí<br>TG4 Foghlaim: -Torthaí scrúduithe<br><br>Tuairisc.ie: Léamhthuiscint: Tús maith leath na hoibre<br><br>Vifax (08/12/2016):<br>Cúrsaí Tríú Leibhéal & Nótaí (Bun) nó Nótaí (Meán) | **Giota leanúnach/Blag**: Mar a chaith mé an samhradh seo caite (2019)<br><br>**Scéal:** Mo bhreithlá a bhí ann. D'oscail mé an cárta ó mo thuismitheoirí. Léim mo chroí le háthas ...(2017)<br><br>**Litir/Ríomhphost :** Tá tú ag caitheamh dhá mhí saoire ag taisteal le do chlann san Astráil (2012) | **Aiste nó Alt Nuachtáin/Irise:**<br>Is iad blianta na hóige na blianta is fearr (2014)<br><br>**Scéal:** bainteach le gach topaic<br><br>**Óráid:**<br>Fiúntas na scoile seo. (2012) |
| 2. Áit Chónaithe<br>• An teach agus obair an tí<br>• An tuath agus an chathair<br>• An chomharsanacht agus comharsana<br>• An nuatheicneolaíocht sa teach | **TG4 Foghlaim**: Áit chónaithe<br>Tuairisc.ie: Léamhthuiscint: Daoine gan dídean<br>Tuairisc.ie: Léamhthuiscint: Geilleagar áitiúil<br>Vifax (28/3/19): Tearmann de Phiongainí & Nótaí (Bun) nó Nótaí (Meán)<br>Vifax (29/11/2019):<br>Baile Bhrigín & Nótaí (Bun) nó Nótaí (Meán) | **Giota Leanúnach/Blag:** Mo cheantar dúchais. (2013)<br><br>**Scéal:** Bhí mo thuismitheoirí as baile. Tháinig mo chairde go léir chuig mo theach. Thosaigh an chóisir (an féasta) … (2013)<br><br>**Litir/Ríomhphost:** Tá post samhraidh agat i Londain agus tá tú ag fanacht le do dheartháir / do dheirfiúr (2018).<br><br>**Comhrá:** **I**s maith leat do cheantar dúchais ach ní maith le do chara é **(2018).** | **Aiste nó Alt Nuachtáin/Irise:**<br>Saol na Tuaithe in Éirinn faoi Láthair. (2016)<br><br>**Scéal:** bainteach le gach topaic<br><br>**Óráid:**<br>Fadhb na tithíochta in Éirinn sa lá atá inniu ann. (2017) |

| Liosta na dTopaicí | Naisc | Ceisteanna samplacha ó na páipéar scrúdaithe | |
|---|---|---|---|
| 3. An Scoil agus Cúrsaí Oideachais<br><br>• Ábhair scoile<br>• Múinteoirí<br>• Acmhainní TFC<br>• Cineálacha éagsúla scoileanna<br>• Ilchultúrachas**<br>• Rialacha agus éide<br>• Scrúduithe<br>• Oideachas tríú leibhéal<br>• Oiliúint ghairmiúil<br>• Cúrsaí oideachais<br>• Scoileanna speisialta<br>• Brú agus iomaíocht**<br>• Oideachas aosach** | TG4 Foghlaim: - Scoil<br>TG4 Foghlaim Tonnmharcaíocht<br><br>Vifax (27/11/2012)- Teangacha ar Scoil & Nótaí<br><br>Tuairisc.ie: Léamhthuiscint: Geilleagar áitiúil<br><br>Vifax (12 Márta 2020):<br>Ag rith ar leac oighir & Nótaí<br><br>Tuairisc.ie: Aiste: Saol na Tuaithe<br><br>Vifax (16 Eanáir 2020):<br>Eolaí Óg na Bliana agus Nótaí | **Giota Leanúnach/Blag:** Is aoibhinn liom mo scoil (2019)<br><br>**Scéal:** Bhí mé taobh amuigh d'oifig an Phríomhoide. Bhuail mé cnag ar an doras. "Tar isteach," a dúirt sé … (2017)<br><br>**Litir/Ríomhphost:** Bhí tú ar thuras scoile le déanaí. (2016).<br><br>**Comhrá:** Fuair do thuismitheoirí glaoch ón bpríomhoide ag rá leo gur bhris tú rialacha na scoile. (2018) | **Aiste nó Alt Nuachtáin/Irise:**<br>An córas oideachais dara leibhéal in Éirinn. (2017)<br><br>**Scéal:** bainteach le gach topaic<br><br>**Óráid:**<br>Tá córas oideachais an-mhaith againn in Éirinn. (2015) |
| 4. Cairdeas agus Caidreamh<br><br>• Tréithe an duine<br>• Na mothúcháin phearsanta<br>• Buanna agus lochtanna an duine<br>• An grá**<br>• Pósadh**<br>• Colscaradh**<br>• Suímh shóisialta idirlín** | TG4 Foghlaim: Cairdeas agus Caidreamh<br><br>Tuairisc.ie: Aiste: Saol na ndaoine óg inniu<br><br>Vifax (14/11/2019):<br>An Banc Bia &<br>Nótaí (Bun) nó Nótaí (Meán). | **Giota Leanúnach/Blag:**<br>Mo chairde (2014)<br><br>**Scéal:** D'fhág an traein an stáisiún. Bhí mo chara in éineacht liom. Bhíomar ag súil go mór leis an lá … (2016)<br><br>**Litir/Ríomhphost:** Bhí mé amuigh ag rith. Bhuail mé le mo chara. Bhí fearg an domhain air / uirthi … (2014)<br><br>**Comhrá:** Ba mhaith leat dul ar saoire go dtí an Spáinn le do chairde tar éis na hArdteistiméireachta ach b'fhearr le do chara fanacht in Éirinn (2013) | **Aiste nó Alt Nuachtáin/Irise:**<br>Éire an lae inniu: Tír fháilteach oscailte í. (2012)<br><br>Na rudaí atá tábhachtach i mo shaol. (2014)<br><br>**Scéal:** bainteach le gach topaic |

| Liosta na dTopaicí | Naisc | Ceisteanna samplacha ó na páipéar scrúdaithe | |
|---|---|---|---|
| 5. Ceol<br>• Cineálacha éagsúla ceoil<br>• Uirlisí<br>• Bannaí, amhránaithe, grúpaí<br>• Na Cairteacha<br>• Liricí<br>• Tionscal an cheoil**<br>• Suímh idirlín** | TG4 Foghlaim: Is maith liom Pop<br>TG4 Foghlaim: Airgead<br><br>Tuairisc.ie : Léamhthuiscint – U2 i gConamara<br><br>TG4 Foghlaim: Gradam Ceoil<br><br>Tuairisc.ie: Léamhthuiscint: Logainmneacha na hÉireann<br><br>Vifax (25/01/2018):<br>Doloras O'Riordain & Nótaí (Bun) nó Nótaí (Meán) | **Giota Leanúnach/Blag:**<br>Is aoibhinn liom an ceol (2014).<br><br>**Scéal:** Bhí mé ag súil go mór leis an gceolchoirm. Bhí mé ag stad an bhus nuair a smaoinigh mé ar mo thicéad … (2018)<br><br>**Litir/Ríomhphost:** Bhí tú ag ceolchoirm le déanaí. (2015)<br><br>**Comhrá:** Bhí tú féin agus cara leat ag caint faoi cheoltóir cáiliúil / amhránaí cáiliúil. Is maith leat an duine sin ach ní maith le do chara é / í (2017). | **Aiste nó Alt Nuachtáin/Irise:**<br>Tá an ceol an-tábhachtach do dhaoine óga. (2018)<br><br>Daoine sa saol poiblí a bhfuil meas agam orthu. (2018)<br><br>**Scéal:** bainteach le gach topaic |
| 6. Spórt<br><br>• Spóirt foirne<br>• Spóirt aonair<br>• Cumainn agus clubanna<br>• Tábhacht an spóirt**<br>• An spórt gairmiúil agus an spórt amaitéarach**<br>• Cumainn agus clubanna**<br>• Tábhacht an spóirt**<br>• An spórt gairmiúil agus an spórt amaitéarach** | TG4 Foghlaim Spórt<br><br>Tuairisc.ie: Léamhthuiscint: BÁC agus Cnoc 16<br><br>Tuairisc.ie: Léamhthuiscint: Stádas chlubanna sacair na hÉireann ag éirí níos leochailí<br><br>Vifax (12 Márta 2020): Rása Ag rith ar leac oighir & Nótaí . | **Giota Leanúnach/Blag:** Ócáid mhór spóirt (2017)<br><br>**Scéal:** Chonaic mé an liathróid ag teacht i mo threo. D'fhéach mé timpeall orm, ní raibh aon duine in aice liom. Léim mo chroi le háthas… (2012)<br><br>**Litir/Ríomhphost:** Tá tú díreach tagtha abhaile ó ócáid mhór spóirt. (2016)<br><br>**Comhrá:** Bhí tú féin agus do chara ag comhrá le chéile faoi chlár teilifíse. Thaitin an clár teilifíse leat ach níor thaitin sé le do chara (2014) | **Aiste nó Alt Nuachtáin/Irise:**<br>Mná sa spórt sa lá atá inniu ann. (2019)<br><br>Réaltaí spóirt an lae inniu. (2013)<br><br>**Scéal:** bainteach le gach topaic |

| Liosta na dTopaicí | Naisc | Ceisteanna samplacha ó na páipéar scrúdaithe | |
|---|---|---|---|
| 7. Caitheamh Aimsire<br><br>• Scannáin<br>• Léitheoireacht<br>• Cluichí<br>• Ceol<br>• Buntáistí agus tábhacht an chaithimh aimsire**<br>• Cluichí ríomhaire<br>• Suímh shóisialta idirlín | TG4 Foghlaim: Gradam Ceoil<br>TG4 Foghlaim Caitheamh aimsire (Ponc)<br>TG4 Foghlaim: Is maith liom Pop<br><br>Tuairisc.ie: Scéal: Iontas<br><br>Vifax: Leabhair an Uachtaráin & Nótaí (Bun) nó Nótaí (Meán | **Giota Leanúnach/Blag:** An caitheamh aimsire is fearr liom (2016)<br><br>**Scéal:** D'fhéach mé ar m'fhón póca. Léigh mé an téacs ó mo chara. Níor chreid mé mo shúile … (2015)<br><br>**Litir/Ríomhphost:** Bhí tú ar fhoireann na scoile a bhuaigh cluiche mór le déanaí (2014)<br><br>**Comhrá:** Bhí tú féin agus do chara ag comhrá le chéile faoi chlár teilifíse. Thaitin an clár teilifíse leat ach níor thaitin sé le do chara (2014). | **Aiste nó Alt Nuachtáin/Irise:**<br><br>Scannail sa spórt. (2017)<br><br>Cultúr na ndaoine óga. (2016)<br><br>**Scéal:** bainteach le gach topaic |
| 8. An Ghaeilge<br>• An Ghaeilge timpeall orainn<br>• An Ghaeilge ar líne<br>• An Ghaeltacht agus canúintí<br>• An Ghaeilge sna meáin chumarsáide<br>• Athbheochan na Gaeilge<br>• An Ghaeilge agus féiniúlacht<br>• An Ghaeilge thar lear<br>• An Ghaeilge agus teangacha neamhfhorleathana eile<br>• Na heagrais Ghaeilge<br>• An dátheangachas**<br>• Éireannaigh nua agus an Ghaeilge**<br>• Raidió na Gaeltachta<br>• Raidió na Life**<br>• Raidió Rírá**<br>• TG4 | TG4 Foghlaim: - Bliain ar Inis Mór<br>TG4 Foghlaim: - An Ghaeilge<br><br>Tuairisc.ie: Léamhthuiscint: Céard is Gaeltacht ann?<br><br>Tuairisc.ie: Léamhthuiscint: Gaeilge ar Twitter<br><br>Vifax (3/20/19):<br>Stádas na Gaeilge & Nótaí<br>Vifax (10/10/2019):<br>Gaeltacht.net & Nótaí Bun / Nótaí Meáin<br>Vifax(07/11/2019)<br>Gay Byrne & Nótaí<br><br>Alan Titley Scéal na Gaeilge | **Giota Leanúnach/Blag:** An samhradh seo caite (2019)<br><br>**Scéal:** Tháinig an oíche mhór. Bhí an seó tallainne ag tosú agus bhí mé ag dul ar an stáitse … (2019)<br><br>**Litir/Ríomhphost:** Bhí tú ar thuras scoile le déanaí (2016)<br><br>**Comhrá :** An cheist mhór: Cad a dhéanfaidh tú tar éis na hArdteistiméireachta? Scríobh an comhrá a bheadh agat le do thuismitheoirí faoi sin (2012) | **Aiste nó Alt Nuachtáin/Irise:**<br><br>An Ghaeilge agus an Ghaeltacht sa bhliain 2018. (2018)<br><br>**Scéal:** bainteach le gach topaic<br><br>**Óráid:**<br><br>An tábhacht a bhaineann leis an nGaeilge agus leis an gcultúr Gaelach. (2014) |

| Liosta na dTopaicí | Naisc | Ceisteanna samplacha ó na páipéar scrúdaithe | |
|---|---|---|---|
| 9. Na Meáin Chumarsáide<br>• Na nuachtáin agus irisí<br>• An teilifís<br>• An raidió**<br>• An raidió áitiúil*<br>• Cineálacha clár teilifíse<br>• Tionchar agus tábhacht na meán**<br>• Na meáin chlóite agus leictreonacha | TG4 Foghlaim: Oireachtas na Samhna Preas<br><br>Tuairisc.ie: Léamhthuiscint: Agallamh le hAire Stáit na Gaeltachta<br><br>Vivax (09/12/2014)<br>Riachtanas na Gaeilge & Nótaí (Bun) nó Nótaí (Meán) | **Giota Leanúnach/Blag:** An teilifís – is breá liom é (2012)<br><br>**Giota Leanúnach/Blag:** Clár teilifíse a thaitníonn liom (2018)<br><br>**Litir/Ríomhphost:** Ghlac tú páirt i dtrialacha don seó nua tallainne ar RTÉ (2013)<br><br>**Comhrá:** Bhí tú féin agus do chara ag comhrá le chéile faoi chlár teilifíse. Thaitin an clár teilifíse leat ach níor thaitin sé le do chara (2014) | **Aiste nó Alt Nuachtáin/Irise:**<br>Daoine cáiliúla sa lá atá inniu ann. (2014)<br><br>**Scéal:** bainteach le gach topaic<br><br>**Díospóireacht:**<br>Tá dul chun cinn iontach déanta ag mná na hÉireann le blianta beaga anuas. (2015) |
| 10. Saol na hOibre<br>• Slite beatha éagsúla<br>• Fiontraíocht**<br>• Fostaíocht agus Dífhostaíocht<br>• Obair pháirtaimseartha<br>• Agallaimh<br>• Gnéaschothromaíocht**<br>• Ceardchumainn**<br>• Postroinnt**<br>• Bliain shabóideach<br>• Am solúbtha**<br>• Obair dheonach<br>• Obair phobail<br>• Bliain bhearnach*<br>• Bulaíocht sa láthair oibre | TG4: Fadhbanna an Duine Óig<br><br>Tuairisc.ie: Léamthuiscint: Carranna uathoibríocha<br><br>Vifax (23/01/2020) -<br>Post Samhraidh ar an mBlascaód Mór & Nótaí<br><br>TG4 Foghlaim: Saol na hoibre<br><br>•<br>Vivax (10/10/2019) Dlí nua & Nótaí | **Giota Leanúnach/Blag:** Mar a chaith mé an samhradh seo caite (2019).<br><br>**Scéal:** Thit an pláta ina smidiríní ar an urlár. Bhí sicín rósta, glasraí agus prátaí i ngach áit. Las m'aghaidh le náire … (2013)<br><br>**Litir/Ríomhphost:** Tá post samhraidh agat i Londain agus tá tú ag fanacht le do dheartháir / do dheirfiúr (2018).<br><br>**Comhrá:** Tá an scoil díreach oscailte tar éis laethanta saoire an tsamhraidh. Buaileann tú le cara leat nach bhfaca tú i rith an tsamhraidh (2015). | **Aiste nó Alt Nuachtáin/Irise:**<br>Géarchéim na tithíochta in Éirinn faoi láthair. (2019)<br><br>Tá geilleagar na hÉireann ag feabhsú arís. (2018)<br><br>**Scéal:** bainteach le gach topaic |

| Liosta na dTopaicí | Naisc | Ceisteanna samplacha ó na páipéar scrúdaithe | |
|---|---|---|---|
| 11. Taisteal agus Teangacha<br><br>• Córais agus córacha iompair<br>• Tíortha eile, imirce, inimirce agus eisimirce<br>• An Eoraip<br>• Tiomáint*<br>• Teangacha na hEorpa**<br>• Ceadúnas tiomána**<br>• Rialacha an bhóthair**<br>• Timpistí<br>• Bliain bhearnach**<br>• Nósanna cultúrtha** | TG4 Foghlaim Amú le Hector<br>TG4Foghlaim: Áit chónaithe<br><br>Tuairisc.ie: Léamhthuiscint: An imirce/ na Gaeil thar lear<br><br>Vifax (18/10/2011):<br>Daoine óga ag taisteal & Nóta | **Giota Leanúnach/Blag:** An tír is fearr liom (2014<br><br>**Scéal:** D'fhág an traein an stáisiún. Bhí mo chara in éineacht liom. Bhíomar ag súil go mór leis an lá … (2016).<br><br>**Litir/Ríomhphost:** Chaith tú féin agus do chara seachtain ar saoire in ionad campála le déanaí (2019).<br><br>**Comhrá:** Ba mhaith leat dul ar saoire go dtí an Spáinn le do chairde tar éis na hArdteistiméireachta ach b'fhearr le do chara fanacht in Éirinn (2013) | **Aiste nó Alt Nuachtáin/Irise:**<br><br>Éireannaigh agus an imirce inniu. (2017)<br><br>**Scéal:** bainteach le gach topaic<br><br>**Óráid:**<br><br>Na pleananna atá agam do mo théarma sa Dáil nua. (2016) |
| 12. An Aimsir<br><br>• An aimsir in Éirinn<br>• Na séasúir<br>• An aimsir i dtíortha eile<br>• Téamh domhanda**<br>• Tubaistí domhanda**<br>• Athrú aeráide** | TG4 Foghlaim An Aimsir<br><br>Tuairisc.ie Léamhthuiscint: Cúrsaí Timpeallachta<br><br>Tuairisc.ie Léamhthuiscint: Athrú Aeráide<br><br>Vifax (19/03/2020):<br>Dochar don Timpeallacht -<br>& Nótaí (Bun) nó Nótaí (Meán) | **Giota Leanúnach/Blag:** An geimhreadh (2018).<br><br>**Scéal:** Bhí mé féin agus mo chara amuigh i mbád beag ar an bhfarraige. Thosaigh stoirm mhór. Bhí eagla an domhain orainn … (2016)<br><br>**Litir/Ríomhphost:** Bhí tú ar laethanta saoire sa Spáinn ar feadh seachtaine. Tá tú ar ais sa bhaile anois (2017).<br><br>**Comhrá:** Tá cónaí ort faoin tuath ach is sa chathair atá cónaí ar do chara (2016) | **Aiste nó Alt Nuachtáin/Irise:**<br><br>An tionchar atá ag an athrú aeráide ar phobail éagsúla an domhain (2018).<br><br>Ceannairí polaitiúla sa lá atá inniu ann. (2017)<br><br>**Scéal:** bainteach le gach topaic |

| Liosta na dTopaicí | Naisc | Ceisteanna samplacha ó na páipéar scrúdaithe | |
|---|---|---|---|
| 13. Daoine ar Leith<br><br>• Daoine le riachtanais speisialta<br>• Áiseanna ar leith<br>• Cearta an duine**<br>• Seandaoine | TG4 Foghlaim: Daoine ar leith.<br><br>Vifax (24/10/2019) - Teifigh i mBéiruít & Nótaí | **Giota Leanúnach/Blag:** Pearsa spóirt a thaitníonn go mór liom (2015).<br><br>**Scéal:** Bhí mé amuigh ag rith. Bhuail mé le mo chara. Bhí fearg an domhain air / uirthi … (2017).<br><br>**Litir/Ríomhphost:** Tá an Ardteistiméireacht críochnaithe agat agus tá tú ag fágáil na scoile (2014).<br><br>**Comhrá:** Beidh cóisir ag do chara ina theach ag an deireadh seachtaine. Ba mhaith leat dul chuig an gcóisir. Níl do thuismitheoirí sásta cead a thabhairt duit dul chuig an gcóisir (2017). | **Aiste nó Alt Nuachtáin/Irise**<br><br>Cearta daonna in Éirinn sa lá atá inniu ann. (2014)<br><br>**Scéal:** bainteach le gach topaic<br><br>**Díospóireacht:**<br>Bíonn saol breá ag na daoine aosta in Éirinn. (2016) |
| 14. Creideamh agus Eitic<br><br>• Creideamh in Éirinn anois<br>• Féilte in Éirinn agus i dtíortha eile<br>• Reiligiúin éagsúla<br>• An creideamh agus cúrsaí córa<br>• Cearta agus saoirse an duine | TG4Foghlaim: Oíche Shamhna<br><br>Tuairisc.ie: Alt i gcomhair le dúchas: Naomh Pádraig<br><br>Vifax(24/10/2019): Oíche Shamhna & Nótaí (Bun) nó Nótaí (Meán) | **Giota Leanúnach/Blag:** Rudaí a chuireann fearg orm (2017)<br><br>**Scéal:** Bhí mé taobh amuigh d'oifig an Phríomhoide. Bhuail mé cnag ar an doras. "Tar isteach," a dúirt sé … (2017)<br><br>**Comhrá:** Fuair do thuismitheoirí glaoch ón bpríomhoide ag rá leo gur bhris tú rialacha na scoile. (2018) | **Aiste nó Alt Nuachtáin/Irise:**<br><br>Is sochaí chothrom í sochaí na hÉireann sa bhliain 2017. (2017)<br><br>An Bochtanas in Éirinn. (2014)<br><br>**Scéal:** bainteach le gach topaic |
| 15. Cultúr<br><br>• Cultúr na hÉireann / Nuachultúir in Éirinn**<br>• Ilchultúrachas*<br>• Ceol agus amhráin (agus damhsa*) thraidisiúnta<br>• An Lucht Siúil<br>• Litríocht<br>• Dánlanna, amharclanna, iarsmalanna<br>• Ealaíona / Ceirdeanna | TG4Foghlaim: Oíche Shamhna<br>TG4 Foghlaim: Is maith liom Pop<br><br>Tuairisc.ie: Alt i gcomhair le dúchas: Naomh Pádraig<br><br>Tuairisc.ie: Léamhthuiscint: Logainmneacha na hÉireann<br><br>Vifax (10/10/2019): Gaeltacht.net & Nótaí Bun / Nótaí Meáin<br><br>Vifax(24/10/2019): Oíche Shamhna & Nótaí (Bun) nó Nótaí (Meán) | **Giota Leanúnach/Blag:** An tír is fearr liom (2014)<br><br>**Scéal:** Bhí mo thuismitheoirí as baile. Tháinig mo chairde go léir chuig mo theach. Thosaigh an chóisir (an féasta) … (2013)<br><br>**Litir/Ríomhphost:** Tá tú ag caitheamh dhá mhí saoire ag taisteal le do chlann san Astráil. (2012)<br><br>**Comhrá:** Ceapann do thuismitheoirí go gcaitheann tú an iomarca ama ar Facebook. Tá siad míshásta leat mar níl tú ag déanamh staidéir don Ardteistiméireacht (2014). | **Aiste nó Alt Nuachtáin/Irise:**<br><br>Comóradh Éirí Amach na Cásca 1916. (2016)<br><br>Rudaí sa saol a théann i bhfeidhm orm. (2013)<br><br>**Scéal:** bainteach le gach topaic |

| Liosta na dTopaicí | Naisc | Ceisteanna samplacha ó na páipéar scrúdaithe | |
|---|---|---|---|
| 16. Fadhbanna an Duine Óig<br><br>• Dífhostaíocht<br>• Andúileachas<br>• Foréigean<br>• Coireanna agus coirpigh<br>• Bochtanas<br>• Bulaíocht (ar líne agus eile)<br>• Féinmharú*<br>• Saol Clainne**<br>• Brú scrúdaithe<br>• Íomhá choirp**<br>• Piarbhrú<br>• Easpa saoirse<br>• Ciníochas | TG4: Fadhbanna an Duine Óig<br>**Scéal**<br>Tuairisc.ie Aiste:<br>Fadhb na ndrugaí agus an alcóil<br><br>Vifax (27/02/2020):<br>An Coróinvíreas & Nótaí<br><br>TG4 Foghlaim: - Scoil<br>TG4 Foghlaim: - Rás na bpointí<br><br>Tuairisc.ie: Aiste: Saol na Tuaithe | **Giota Leanúnach/Blag:** Mo laethanta ar scoil (2012).<br><br>**Scéal:** Bhí mé ag tiomáint síos an bóthar. Stop na gardaí mé. Bhí mé i dtrioblóid … (2015).<br><br>**Litir/Ríomhphost:** Chuala tú polaiteoir ar an teilifís agus é ag gearán / ag tabhairt amach faoi dhaoine óga (2012)<br><br>**Comhrá:** An cheist mhór: Cad a dhéanfaidh tú tar éis a hArdteistiméireachta? Scríobh an comhrá a bheadh agat le do thuismitheoirí faoi sin (2012) | **Aiste nó Alt Nuachtáin/Irise:** Imirce as Éirinn sa lá atá inniu ann. (2013).<br><br>**Scéal:** bainteach le gach topaic<br><br>**Díospóireacht:**<br>Ba chóir d'Éireannaigh a bheith níos measartha ina gcuid ólacháin. (2012) |
| 17. Tionsclaíocht<br><br>• Feirmeoireacht<br>• Ríomhaireacht<br>• Iascaireacht<br>• Turasóireacht<br>• Monarchana<br>• An tAontas Eorpach**<br>• Nuatheicneolaíocht**<br>• Taighde agus Forbairt<br>• Domhandú** | TG4 Foghlaim: Anna May, Banríon an Plough<br><br>TG4 Foghlaim: Cúrsaí Tionsclaíochta<br><br>Vifax: Feirm Orgánach 26/03/20 | **Giota Leanúnach/Blag:** Mo cheantar dúchais (2013)<br><br>**Scéal :** Bhí mé féin agus mo chara amuigh i mbád beag ar an bhfarraige. Thosaigh stoirm mhór. Bhí eagla an domhain orainn …(2014).<br><br>**Comhrá:** Tá cónaí ort faoin tuath ach is sa chathair atá cónaí ar do chara (2016) | **Aiste nó Alt Nuachtáin/Irise:** Cúrsaí na timpeallachta – mar atá agus mar a bheidh. (2013)<br><br>**Scéal:** bainteach le gach topaic<br><br>**Díospóireacht:**<br>Níl na polaiteoirí ag stiúradh chúrsaí na hÉireann mar is ceart. (2013) |

| Liosta na dTopaicí | Naisc | Ceisteanna samplacha ó na páipéar scrúdaithe | |
|---|---|---|---|
| 18. An Timpeallacht<br><br>• An Timpeallacht áitiúil<br>• Caomhnú na timpeallachta<br>• Truailliú<br>• Acmhainní nádúrtha**<br>• Athchúrsáil<br>• Téamh Domhanda**<br>• Tubaistí Domhanda | TG4 Foghlaim An Aimsir<br><br>Tuairisc.ie Léamhthuiscint: Cúrsaí Timpeallachta<br><br>Tuairisc.ie Léamhthuiscint: Athrú Aeráide<br><br>Vifax (19/03/2020): Dochar don Timpeallacht - & Nótaí (Bun) nó Nótaí (Meán)<br><br>Vifax (24/10/2019) - Teifigh i mBéiruít & Nótaí | **Giota Leanúnach/Blag:** Rudaí a chuireann áthas orm (2015)<br><br>**Scéal:** Bhí mé féin agus mo chara ag siúl sna sléibhte. Go tobann, thit ceo trom timpeall orainn. Bhíomar i dtrioblóid … (2014)<br><br>**Litir/Ríomhphost:** Bhí tú ar thuras scoile le déanaí (2016)<br><br>**Comhrá:** Is maith leat do cheantar dúchais ach ní maith le do chara é. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do chara faoi sin (2018) | **Aiste nó Alt Nuachtáin/Irise:**<br>Fadhb mhór idirnáisiúnta sa lá atá inniu ann. (2016)<br><br>Cúrsaí na timpeallachta – mar atá agus mar a bheidh. (2013)<br><br>**Scéal:** bainteach le gach topaic |
| 19. Cúrsaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta<br><br>• An tSíocháin<br>• Cogadh<br>• Arm na hÉireann*<br>• An Tuaisceart<br>• An tAontas Eorpach<br>• An pholaitíocht<br>• Na Náisiúin Aontaithe<br>• Gorta**<br>• An Tríú Domhan**<br>• Cumainn charthanachta, Trócaire, Goal, srl**<br>• Dáil na nÓg | TG4 Foghlaim: Cúrsaí idirnáisiúnta<br>TG4 Foghlaim Spórt<br><br>Tuairisc.ie Léamhthuiscint – An Gheilleagar<br><br>Tuairisc.ie: Léamhthuiscint : Stádas chlubanna sacair na hÉireann ag éirí níos leochailí<br><br>Tuairisc.ie: Léamhthuiscint: Stádas chlubanna sacair na hÉireann ag éirí níos leochailí<br><br>Vifax (24/10/2019) - Teifigh i mBéiruít & Nótaí<br><br>Vifax (28/03/2019) - Scéalta Rugbaí & Nótaí (Bun) nó Nótaí (Meán) | **Giota Leanúnach/Blag:**<br><br>**Litir/Ríomhphost:** Tá tú díreach tar éis teacht abhaile ón ospidéal. Luaigh cén fáth a raibh tú san ospidéal **agus** déan cur síos ar an am a chaith tú san ospidéal (2015)<br><br>**Litir/Ríomhphost:** Tá tú díreach tagtha abhaile ó ócáid mhór spóirt. Scríobh **an litir / an ríomhphost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig cara leat ag insint dó / di faoin ócáid mhór spóirt sin (2016)<br><br>**Comhrá:**.Tá cónaí ort faoin tuath ach is sa chathair atá cónaí ar do chara (2016) | **Aiste nó Alt Nuachtáin/Irise:**<br>Tá an caidreamh polaitíochta idir tíortha an domhain míshuaimhneach sa lá atá inniu ann. (2019)<br><br>**Scéal:** bainteach le gach topaic<br><br>**Díospóireacht:**<br>Déanfaidh Breatimeacht (Brexit) maitheas do thír na hÉireann (2017) |

| Liosta na dTopaicí | Naisc | Ceisteanna samplacha ó na páipéar scrúdaithe | |
|---|---|---|---|
| 20. An Státchóras<br><br>• An Stát<br>• Bunreacht na hÉireann<br>• Toghcháin<br>• An tSeirbhís Phoiblí<br>• An pholaitíocht**<br>• An tÚdarás Áitiúil**<br>• Comhairleoirí Áitiúla** | TG4 Foghlaim: Cúrsaí Polaitíochta<br><br>Tuairisc.ie Léamhthuiscint: Polaitíocht - John Redmond.<br><br>Vifax (28/03/2019) - An Eacnamaíocht & Nótaí<br><br>TG4: Fadhbanna an Duine Óig<br><br>Tuairisc.ie: Léamthuiscint: Carranna uathoibríocha | **Giota Leanúnach/Blag:**<br><br>**Litir/Ríomhphost:** Chuala tú polaiteoir ar an teilifís agus é ag gearán / ag tabhairt amach faoi dhaoine óga (2012) | **Aiste nó Alt Nuachtáin/Irise:**<br>An Choiriúlacht in Éirinn inniu: Bagairt mhór na linne seo. (2012)<br><br>**Scéal:** bainteach le gach topaic<br><br>**Óráid:**<br>An ról tábhachtach atá ag Uachtarán na hÉireann. (2018) |
| 21. Airgead<br><br>• Coigilt<br>• Díluacháil agus boilsciú**<br>• Pá agus tuarastail<br>• Fiontraíocht**<br>• Na Bainc<br>• Pinsean<br>• Cártaí creidmheasa<br>• Titim i bhfiacha<br>• Scoláireachtaí<br>• Deontais<br>• Iasachtaí<br>• Cuntais ar líne<br>• Caimiléireacht**<br>• Comhair Chreidmheasa | TG4 Foghlaim: Airgead<br><br>Tuairisc.ie Léamhthuiscint – An Gheilleagar<br><br>Vifax (28/03/2019) - An Eacnamaíocht & Nótaí | **Giota Leanúnach/Blag:** Is aoibhinn liom an Satharn (2018)<br><br>**Scéal:** Mo bhreithlá a bhí ann. D'oscail mé an cárta ó mo thuismitheoirí. Léim mo chroí le háthas … (2017)<br><br>**Litir/Ríomhphost:** Tá post samhraidh agat i Londain agus tá tú ag fanacht le do dhearthár / do dheirfiúr (2018)<br><br>**Comhrá:** Tá plean agat árasán a fháil ar cíos sa chathair le do chairde an bhliain seo chugainn nuair a bheidh tú ar an gcoláiste tríú leibhéal (2013) | **Aiste nó Alt Nuachtáin/Irise (2019):**<br>Athruithe chun feabhais ar an saol in Éirinn le déanaí.<br><br>**Scéal:** bainteach le gach topaic<br><br>**Díospóireacht:**<br>Tá feabhas le feiceáil ar chúinsí eacnamaíochta na hÉireann faoi láthair. (2014) |

| Liosta na dTopaicí | Naisc | Ceisteanna samplacha ó na páipéar scrúdaithe | |
|---|---|---|---|
| 22. Faisean<br><br>• Cineálacha éagsúla éadaí<br>• Fógraíocht agus margaíocht**<br>• Tionscal an fhaisin**<br>• Cúrsaí siopadóireachta (ar líne*)<br>• Clár faisin teilifíse<br>• Praghsanna<br>• Piarbhrú<br>• Íomhá choirp** | TG4 Foghlaim: - Paisean Faisean<br><br>Tuairsic.ie: Alt ar chúrsaí faisin | **Giota Leanúnach/Blag:** Na rudaí a dhéanaim nuair a bhíonn am saor agam (2019).<br><br>**Scéal:** Mo bhreithlá a bhí ann. D'oscail mé an cárta ó mo thuismitheoirí. Léim mo chroí le háthas … (2017)<br><br>**Litir/Ríomhphost:** Bhí tú ag ceolchoirm le déanaí (2015)<br><br>**Comhrá:** Is maith leat siopadóireacht a dhéanamh ar líne ach is fearr le do chara dul ag siopadóireacht sa chathair (2019). | **Aiste nó Alt Nuachtáin/Irise:**<br>An taitneamh agus an brú a bhaineann le saol an scoláire dara leibhéal. (2019)<br><br>Daoine cáiliúla sa lá atá inniu ann. (2014)<br><br>**Scéal:** bainteach le gach topaic |
| 23. Bia agus Sláinte<br><br>• Cineálacha bia<br>• Béilí (agus cócaireacht*)<br>• Baill an choirp<br>• Tinneas agus galair<br>• SEIF / MRSA** / CJD**<br>• Galair mharfacha**<br>• Aiste bia<br>• Murtall (Otrachas*)<br>• Cleachtadh Coirp<br>• Aclaíocht<br>• Córas Sláinte**<br>• Fadhbanna sláinte**<br>• Breoiteacht** | Vifax (14/11/2019):<br>An Banc Bia &<br>Nótaí (Bun) nó Nótaí (Meán)<br><br>TG4 Foghlaim: Bia agus Sláinte<br><br>Tuairisc.ie: Léamhthuiscint: Covid - 19<br><br>Vifax (17/11/2015): Easpa Cócairí &<br>Nótaí (Bun) nó Nótaí (Meán) | **Giota Leanúnach/Blag:** Na rudaí a dhéanaim nuair a bhíonn am saor agam (2019)<br><br>**Scéal:** "Uisce! Uisce! Tabhair dom uisce," arsa mise os ard…. (2012)<br><br>**Litir/Ríomhphost:** Bhí béile breá agat i mbialann le do theaghlach chun do bhreithlá a cheiliúradh. Fuair tú bronntanas iontach ó do theaghlach ag deireadh na hoíche. (2019).<br><br>**Comhrá:** Tá scrúduithe na hArdteistiméireachta díreach críochnaithe agat féin agus ag do chairde. Ba mhaith leat cóisir (féasta) a bheith agat i do theach (2019). | **Aiste nó Alt Nuachtáin/Irise (2019):**<br>An Ghéarchéim sa chóras sláinte: Mo réiteach uirthi. (2012)<br><br>**Scéal:** bainteach le gach topaic<br><br>**Díospóireacht:**<br>Tugann daoine óga in Éirinn aire mhaith dá sláinte. (2019) |

| Liosta na dTopaicí | Naisc | Ceisteanna samplacha ó na páipéar scrúdaithe | |
|---|---|---|---|
| 24. Laethanta Saoire<br><br>• Laethanta saoire in Éirinn agus thar lear<br>• Obair pháirtaimseartha<br>• Turasóireacht**<br>• Turasóirí*<br>• Ticéid a chur in áirithe ar líne<br>• Modhanna taistil<br>• Coláistí Samhraidh<br>• Bliain bhearnach**<br>• Féilte na bliana**<br>• Aerfort<br>• Pas | TG4 Foghlaim Amú le Hector<br><br>Tuairisc.ie: Léamhthuiscint: An imirce/ na Gaeil thar lear<br><br>Vifax (18/10/2011) - Daoine óga ag taisteal & Nótaí | **Giota Leanúnach/Blag:** Saoire iontach a bhí agam (2012)<br><br>**Scéal:** Bhí mé féin agus mo chara san aerfort. Bhíomar ag súil go mór leis an turas go Páras. Chuir mé mo lámh i mo mhála. Ní raibh mo phas ná mo chuid airgid ann (2019)<br><br>**Litir/Ríomhphost:** Bhí tú ar laethanta saoire sa Spáinn ar feadh seachtaine. Tá tú ar ais sa bhaile anois (2017).<br><br>**Comhrá:** Ba mhaith leat dul ar saoire go dtí an Spáinn le do chairde tar éis na hArdteistiméireachta ach b'fhearr le do chara fanacht in Éirinn (2013) | **Aiste nó Alt Nuachtáin/Irise:**<br>Buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann leis an taisteal. (2015)<br><br>Éire mar ionad saoire. (2013)<br><br>**Scéal:** bainteach le gach topaic |
| 25. An Tríú Domhan**<br><br>• Cearta daonna<br>• Cearta agus an chóir<br>• Tubaistí nádúrtha<br>• Claondearcadh agus ciníochas<br>• Cogadh<br>• Cumainn charthanachta | | **Níl "An Tríú Domhan" mar thopaic don Gnáthleibhéal** | **Aiste nó Alt Nuachtáin/Irise:**<br>An foréigean timpeall an domhain. (2017)<br>Scéalta móra an lae inniu. (2015)<br><br>**Scéal:** bainteach le gach topaic |
| 26. An Litríocht**<br><br>• Cad chuige an litríocht?<br>• Litríocht na Gaeilge<br>• Litríocht an Bhéarla agus teangacha eile<br>• Cineálacha éagsúla litríochta<br>• Seánraí éagsúla | TG4 Foghlaim: An Litríocht<br><br>Vifax (08/12/2016): Cúrsaí Tríú Leibhéal & Nótaí (Bun) nó Nótaí (Meán) | **Níl "An Litríocht" mar thopaic don Gnáthleibhéal** | **Aiste nó Alt Nuachtáin/Irise:**<br>Staid na Gaeilge faoi láthair. (2015)<br><br>**Scéal:** bainteach le gach topai<br><br>**Óráid:**<br>Nós na léitheoireachta i saol an lae inniu. (2019) |

| Liosta na dTopaicí | Naisc | Ceisteanna samplacha ó na páipéar scrúdaithe | |
|---|---|---|---|
| 27. Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)<br><br>• Suímh idirlín (eagraíochtaí, scoileanna srl…)<br>• Suímh shóisialta idirlín<br>• Irisí/nuachtáin/nuachtlitreacha ar líne<br>• Stáisiúin raidió (ar líne agus eile)<br>• Podchraoltaí<br>• Cláir theilifíse<br>• Cartlann TG4<br>• Scannáin nó giotaí físeán<br>• Amhráin<br>• Íoslódálacha<br>• Blaganna<br>• Ríomhphoist<br>• Téacstheachtaireachtaí<br>• Tuarthéacs<br>• Foclóirí leictreonacha<br>• Guthphost<br>• Vikíthe | | **Giota Leanúnach/Blag:** An fón póca (2016)<br><br>**Scéal:** D'fhéach mé ar m'fhón póca. Léigh mé an téacs ó mo chara. Níor chreid mé mo shúile … (2015)<br><br>**Litir/Ríomhphost:** Fuair tú fón póca nua le déanaí (2018)<br><br>**Comhrá:** Is maith leat siopadóireacht a dhéanamh ar líne ach is fearr le do chara dul ag siopadóireacht sa chathair. (2019). | **Aiste nó Alt Nuachtáin/Irise:**<br>Seo í aois na nua-theicneolaíochta. (2015)<br><br>**Scéal:** bainteach le gach topaic<br><br>**Díospóireacht:**<br>Tá an iomarca tionchair ag na meáin shóisialta ar dhaoine óga. (2018) |
| 28. Ábhair eile a gcuireann an scoláire spéis iontu | | | |